# COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

## FODHLÍTHE CHUN BRUSCAR A CHOSC AGUS A RIALÚ

Dublin City
Baile Átha Cliath

# COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

## FODHLÍTHE CHUN BRUSCAR A **CHOSC** AGUS A **RIALÚ**

---

Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di le Cuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, Alt 21 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 arna leasú le hAlt 57 den Acht um Chaomhnú an Chomhshaoil, 2003, na Fodhlíthe seo a leanas a bhaineann le cosc agus rialú bruscair ina limistéar riaracháin.

# CUID 1

## RÉAMHRÁ

**Limistéar Feidhme:** Beidh feidhm ag na Fo-Dhlíthe seo i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, dá ngairtear an Chomhairle anseo feasta.

**Dáta Tosaigh Feidhme:** 2 Eanáir 2009

**1 Sainmhínithe:** Sna fodhlíthe seo:-

Ciallaíonn **1.1** **"Ábhar Fógraíochta"** aon rud a dháiltear saor in aisce a mheasann an Chomhairle a bheith á dháileadh chun críoch tráchtála nó chun imeacht nó díol, tomhaltas nó úsáid aon táirgí, earraí nó seirbhísí a chur chun cinn agus áireofar leis dáileadh saor in aisce aon táirge bia nó dí.

Ciallaíonn **1.2** **"Duine Ceaptha"** duine a cheapann an Chomhairle i scríbhinn chun críoch Fho-Dhlíthe 2.14, 2.15, 2.18, 3.5, 3.9 agus 3.11 de na Fo-Dhlíthe seo.

Ciallaíonn **1.3** **"Duine Údaraithe"** duine a údaraíonn an Chomhairle Cathrach I scríbhinn chun críoch na bhFo-Dhlíthe seo nó comhalta den Gharda Síochána.

Áireofar le **1.4** **"Dáileadh"** dáileadh ábhar ar dhaoine atá ag siúl thairis, ábhar a fhágáil in áit phoiblí nó in áit atá taobh le bóthar poiblí, footway nó ar chosán lena n-áirítear ábhar a chur ar fheithiclí ach ní áirítear ann dáileadh ábhar fógraíochta trí sheachadadh díreach chuig áit a bhfuil seoladh aici.

Ciallaíonn **1.5** **"Dáileoir"** an duine a dhéanann an dáileadh nó an duine a eagraíonn an dáileadh.

Ciallaíonn **1.6** **"Dáil"** tabhairt faoi dháileadh, mar a shainmhínítear sna Fo-Dhlíthe seo, nó soláthar nó socrú a dhéanamh le haghaidh dáileadh den chineál sin.

Ciallaíonn **1.7** **"Bileog"** leathanach/leathanaigh fógraíochta atá beartaithe lena ndáileadh saor in aisce.

Tá an bhrí **1.8** chéanna le **"Bruscar"** agus atá leis sna hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar, 1997-2003.

Ní fholóidh **1.9** **"Áitreabh Ceadúnaithe"** áitreabh a cheadúnaítear go heisiach chun deochanna meisciúla a dhíol lena n-ól lasmuigh den áitreabh.

Ciallaíonn **1.10 “Áititheoir”** an duine nó na daoine a áitíonn an t-áitreabh, cibé acu úinéir, léasaí, tionónta nó aon duine eile a bhfuil an t-áitreabh faoina rialú de thuras na huaire.

Ciallaíonn **1.11 “Uaireanta Oscailte”** na hamanna ar lena linn a bhíonn an t-áitreabh oscailte don phobal de ghnáth agus 15 nóiméad tar éis an ghnáthama dúnta.

Ciallaíonn **1.12 “Dáta Feidhme”** an dáta a dtiocfaidh áitreabh, a dearbhaíodh gur áitreabh ábhartha é i gcomhréir le Fo-Dhlí 2.14, chun bheith ina áitreabh ábhartha chun críoch na bhFo-Dhlíthe seo.

Ciallaíonn **1.13 “Pacáistiú”** gabhdán nó cumhdach, a chuirtear i bhfeidhm san áitreabh, chun bia te nó ceapairí nó deochanna te a choinneáil a dhíoltar san áitreabh lena dtomhailt lasmuigh den áitreabh nó san fhearann poiblí a choinneáil.

Folóidh **1.14** **“Duine”** duine aonair nó comhlacht corpraithe.

Ciallaíonn **1.15** **“Fearann Poiblí”** an talamh go léir idir an t-áitreabh agus an ród poiblí, agus folóidh sé an bóthar poiblí, an cosán poiblífootway, gabhálacha príobháideacha, limistéir phríobháideacha a bhfuil ráillí thart orthu agus limistéir féir atá faoi úinéireacht phoiblí nó phríobháideach.

Ciallaíonn **1.16** **“Áit Phoiblí”** aon áit a bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi cibé acu mar cheart nó trí chead agus cibé acu faoi réir táille nó saor in aisce.

Tá an bhrí chéanna le **1.17↦“Bóthar Poiblí”, “Cosán Poiblí” Footway”** agus **“Ród Poiblí”** agus atá leo in Acht na mBóithre, 1993.

**1.18 Ciallaíonn “Áitreabh Ábhartha”**
(dá ngairtear “an t-áitreabh” anseo feasta)

(a) aon struchtúr buan nó sealadach, lena n-áirítear feithicil inneallghluaiste, ina ndíoltar bia te, deochanna te nó ceapairí lena dtomhailt lasmuigh den áitreabh, lena n-áirítear san fhearann poiblí;

(b) áitreabh ceadúnaithe, nó

(c) áitreabh a ainmnítear mar áitreabh ábhartha de réir Fho-Dhlí 2.15.

Ciallaíonn **1.19** **“ceapaire”** 2 shlisne aráin nó níos mó, rolla aráin nó a rud den chineál sin a dhíoltar le líonadh.

Ciallaíonn **1.20** **“comharsanacht”** an bóthar poiblí (ach gan an ród poiblí a áireamh), an cosán poiblífootway, gabhálacha príobháideacha agus limistéir féir san fhearann poiblí laistigh d’achar 50 méadar de gach taobh den áitreabh.

**1.21** Aon tagairt sna fodhlíthe seo d’Acht nó do Rialacháin, folóidh sé tagairt don Acht sin nó do na Rialacháin sin arna leasú.

# CUID 2

## ÁITRIBH BIA BEIR LEAT AGUS CHEADÚNAITHE

**2.1** Coimeádfaidh áititheoir áitribh an fearann poiblí saor ó bhruscar agus ó smáil le linn uaireanta oscailte an áitribh.

**2.2** Déanfaidh áititheoir áitribh, nach áitreabh ceadúnaithe é, faireachán ar chomharsanacht an áitribh le linn uaireanta oscailte an áitribh chun a chinntiú go gcoinneofar an limistéar saor ó bhruscar agus bainfidh sé/sí nó cinnteoidh sé/sí go mbainfear an bruscar sin go léir láithreach. Déanfar an faireachán agus an bhaint sin ag am oscailte, ag am dúnta agus uair amháin ar a laghad le linn gach tréimhse uair an chloig le linn uaireanta oscailte.

**2.3** Déanfaidh áititheoir áitribh dá dtagraítear i bhFo-Dhlí 2.2 a chinntiú, ar chostas an áititheora féin, go bhfuil líon leordhóthanach boscaí bruscair i láthair san fhearann poiblí. Ní mór don áititheoir cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón gComhairle maidir le líon, sonraíocht agus suíomh na mboscaí bruscair sin.

**2.4** Déanfaidh áititheoir áitribh, ar áitreabh ceadúnaithe é, faireachán ar an bhfearann poiblí le linn uaireanta oscailte an áitribh chun a chinntiú go gcoinneofar an limistéar saor ó bhruscar agus bainfidh sé/sí nó cinnteoidh sé/sí go mbainfear an bruscar sin go léir láithreach. Déanfar an faireachán agus an bhaint sin ag am oscailte, ag am dúnta agus uair amháin ar a laghad le linn gach tréimhse uair an chloig le linn uaireanta oscailte, ach amháin le linn na dtréimhsí 10.30 a.m. go 12.30 p.m. agus 3 p.m. go 7 p.m. nuair a dhéanfar faireachán agus an bruscair a bhaint uair amháin ar a laghad le linn gach tréimhse dhá uair an chloig.

**2.5** Déanfaidh áititheoir áitribh ar áitreabh ceadúnaithe é, ar chostas an áititheora féin, líon leordhóthanach boscaí toitíní, de réir mar a chinnfidh an Chomhairle, a sholáthar san fhearann poiblí.

**2.6** I gcás ina soláthraítear bosca bruscair i gcomhréir le Fo-Dhlí 2.3 nó bosca toitíní i gcomhréir le Fo-Dhlí 2.5 san fhearann poiblí, cinnteoidh an t-áititheoir go ndéanfar leorshocrú, de réir mar a chinnfidh an Chomhairle, chun na boscaí sin a fholmhú agus a chothabháil.

**2.7** Coimeádfaidh an t-áititheoir Sceideal, ina dtaifeadfar na gníomhartha a dhéanfaidh an t-áititheoir chun Fo-Dhlíthe 2.2 go 2.6 a chomhlíonadh, de réir mar is iomchuí, san fhoirm a leagtar amach in Aguisín 1 de na Fo-Dhlíthe seo. Coinneoidh an t-áititheoir an sceideal sin ar feadh tréimhse míosa ón dáta mura gceanglaítear air/uirthi an doiciméad sin a thabhairt suas do dhuine údaraithe laistigh den tréimhse sin i gcomhréir le Fo-Dhlí 2.13.

**2.8** Má mheasann duine údaraithe nach leordhóthanach na socruithe a dhéanann an t-áititheoir chun ceanglais Fho-Dhlíthe 2.1 go 2.7 a chomhlíonadh, féadfaidh an duine údaraithe na bearta is gá chun ceanglais na bhFo-Dhlíthe seo a chomhlíonadh a shonrú i scríbhinn agus comhlíonfaidh an t-áititheoir iad dá réir.

**2.9** Cuirfidh an t-áititheoir Fógra frithbhruscair ar taispeáint san áitreabh san fhoirm a sholáthróidh an Chomhairle.

2.10 Déanfar an Sceideal dá dtagraítear i bhFo-Dhlí 2.7 agus an Fógra dá dtagraítear i bhFo-Dhlí 2.9 a thaispeáint san áitreabh i suíomh feiceálach atá infheicthe ag an bpobal.

2.11 Beidh ainm agus seoladh an áitribh soiléir ar phacáistiú na n-earraí uile atá ar díol san áitreabh.

2.12 Féadfaidh duine údaraithe chun críoch na bhFo-Dhlíthe seo dul isteach sna háitribh nó san fhearann poiblí le linn uaireanta oscailte chun na Sceidil agus an Fógra dá dtagraítear sna Fo-Dhlíthe seo a iniúchadh nó chun aon chríoch eile a bhaineann leis na Fo-Dhlíthe seo.

2.13 Aon uair a théann duine údaraithe isteach in aon áitreabh nó san fhearann poiblí, de bhun na bhFo-Dhlíthe seo, féadfaidh an duine údaraithe ann, de réir mar is iomchuí—

(a) na grianghraif sin a ghlacadh agus na cigireachtaí sin a dhéanamh,

(b) an fhaisnéis sin a éileamh ar áititheoir an áitribh nó ar aon duine a fhostaítear san áitreabh,

(c) a éileamh go ndéanfar an Sceideal agus an Fógra dá dtagraítear I bhFo-Dhlíthe 2.7 agus 2.9 a thabhairt ar aird agus a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh díobh nó sleachta a thógáil astu, nó aon Sceideal nó Fógra den sórt sin a thógáil más gá chun críoch cigireachta nó scrúdaithe,

(d) a éileamh go ndéanfar na taifid nó na doiciméid sin a thabhairt ar aird agus cóipeanna a dhéanamh díobh nó sleachta a thógáil astu, nó aon taifead nó doiciméad den sórt sin a thógáil más gá chun críoch cigireachta nó scrúdaithe, a mheasann an duine údaraithe, ag féachaint do na himthosca go léir, a bheith riachtanach chun aon chumhacht a thugtar dó nó di faoi na Fo-Dhlíthe seo a fheidhmiú.

2.14 Más rud é, i dtuairim an duine cheaptha, gur foinse shuntasach truaillithe bruscair é áitreabh, nach áitreabh ábhartha é chun críocha na bhFo-Dhlíthe seo, seirbheálfaidh duine ceaptha fógra ar an áititheoir á rá go bhfuil sé beartaithe a dhearbhú gur áitreabh iomchuí é an t-áitreabh agus á chur in iúl don áititheoir go bhféadfaidh sé /sí, laistigh de 14 lá, na cúiseanna a lua i scríbhinn nár cheart a dhearbhú gur áitreabh iomchuí an t-áitreabh.

2.15 Tar éis do dhuine ceaptha breithniú a dhéanamh ar fhreagra an áititheora i gcomhréir le Fo-Dhlí 2.14, dearbhóidh duine ceaptha áitreabh mar áitreabh ábhartha nó tabharfaidh sé/sí fógra don áititheoir i scríbhinn nach ndearbhófar an t-áitreabh mar áitreabh ábhartha chun críocha an Fho-Dhlí seo.

2.16 I gcás ina ndearbhaítear gur áitreabh ábhartha an t-áitreabh i gcomhréir le Fo-Dhlí 2.15 chun críocha na bhFo-Dhlíthe seo, seolfar fógra faoin gcinneadh sin don áititheoir agus sonrófar san fhógra sin, inter alia, an dáta feidhme nach mbeidh níos luaithe ná 21 lá ó dháta an fhógra.

2.17 I gcás inar dearbhaíodh áitreabh mar áitreabh ábhartha faoi fhorálacha Fho-Dhlí 2.15, féadfaidh an t-áititheoir, tráth nach luaithe ná 6 mhí tar éis an dáta feidhme, iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle go ndéanfaí an dearbhú a chealú.

2.18 Más rud é, tar éis an t-iarratas seo a bhreithniú, go bhfuil duine ceaptha den tuairim nach bhfuil an t-áitreabh ina fhoinse shuntasach truaillithe bruscair a thuilleadh, féadfaidh sé/sí an dearbhú a chealú le héifeacht ó dháta sonraithe.

2.19 Ní dhéanfar aon ní sna Fo-Dhlíthe seo a fhorléiriú mar laghdú ar fhreagrachtaí reachtúla duine faoi reachtanna eile.

# CUID 3

## ÁBHAR FÓGRAÍOCHTA A DHÁILEADH

3.1 Is cion é aon ábhar fógraíochta a dháileadh chun críoch tráchtála ach amháin de réir fhorálacha na bhFodhlíthe seo.

3.2 Ní dháilfidh aon duine ábhar fógraíochta in áit phoiblí mura bhfuil ceadúnas dáilte bailí i bhfeidhm, dá ngairtear ceadúnas anseo feasta, arna eisiúint ag an gComhairle nó ag a gníomhairí de réir na bhFodhlíthe seo.

3.3 Ní dháilfidh aon duine ábhar fógraíochta in áit phoiblí ach amháin i gcomhréir le forálacha ceadúnais.

3.4 Beidh cóip den cheadúnas ar fáil lena iniúchadh i gcónaí ag aon duine a dháileann ábhar fógraíochta agus tabharfaidh sé/sí ar aird é do dhuine údaraithe nó do chomhalta den Gharda Síochána ar iarratas.

3.5 Ní dheonófar ceadúnas do na haicmí ábhair fógraíochta seo a leanas (a) bileoga ná (b) aon ábhar ar dóchúil, i dtuairim duine cheaptha, go mbeidh truailliú suntasach bruscair mar thoradh air.

3.6 Ní dheonófar ceadúnas le haghaidh dáileadh ábhair fógraíochta i Sráid Grafton, Sráid Anraí ná Sráid Uí Chonaill.

3.7 Féadfaidh an Chomhairle diúltú ceadúnas a dheonú

(a) más rud é, i dtuairim na Comhairle, go mbeadh líon na gceadanna don suíomh sin ag an am sin iomarcach mar thoradh ar dheonú an cheadúnais sin nó

(b) más rud é, i dtuairim na Comhairle, nár cheart ceadúnas a dheonú ar chúiseanna Sláinte agus Sábháilteachta.

3.8 Féadfar ceadúnas a dheonú fara nó d’éagmais coinníollacha do dháileoir, faoi réir Fhodhlí 3.9, tar éis chomhlíonadh na nithe seo a leanas chun sástachta na Comhairle

(a) Comhlánú foirme iarratais go substaintiúil i gcomhréir le hAguisín 2.

(b) Fianaise shásúil a thabhairt ar aird go bhfuil árachas reatha ag an iarratasóir lena dtugtar slánaíocht iomlán dó/di féin, dá g(h)níomhairí agus don Chomhairle i leith gach éilimh, lena n-áirítear éileamh ó thríú páirtithe, nach mó ná teorainn slánaíochta atá sásúil don Chomhairle.

(c) Plean sásúil bainistithe bruscair/dramhaíola a sholáthar. Beidh socruithe mionsonraithe sa phlean chun bruscar a eascraíonn as dáileadh an ábhair fógraíochta a chosc agus chun an t-ábhar sin, nó ábhar comhionann, a bhaint den limistéar laistigh de gha 100 méadar ón suíomh/ó na suímh dháilte. Féadfar na bearta atá le déanamh chun a áirithiú go gcomhlíontar an Fo-Dhlí seo a dhéanamh nó féadfaidh an dáileoir socrú a dhéanamh leis an gComhairle Cathrach chun na bearta sin a dhéanamh.

(d) Má mheasann an Chomhairle Cathrach go bhfuil gá le bearta chun bruscar a chosc agus/nó a ghlanadh sa bhreis ar na bearta atá beartaithe sa Phlean Bainistithe Bruscair/Dramhaíola, féadfaidh an Chomhairle Cathrach a éileamh go ndéanfar na bearta sin agus féadfaidh sí iad a áireamh mar choinníoll ceadúnais.

(e) Íocaíocht táille €250.

(f) Aon fhaisnéis eile a bhfuil gá léi, i dtuairim na Comhairle, chun an t-iarratas a chinneadh.

(g) Deimhniú Imréitigh Cánach reatha a chur isteach.

**3.9** Agus an t-iarratas á bhreithniú aici, tabharfaidh an Chomhairle aird ar chomhlíonadh choinníollacha na gceadúnas a eisíodh roimhe seo faoi na Fo-Dhlíthe seo ag an iarratasóir agus féadfaidh an Chomhairle diúltú ceadúnas a dheonú má rinne an t-iarratasóir nó aon dáileoir a oibríonn faoi cheadúnas a eisíodh don iarratasóir, i dtuairim duine cheaptha, sáruithe leanúnacha nó tromchúiseacha ar na coinníollacha seo agus, go háirithe, má eisíodh fíneálacha ar an toirt agus/nó imeachtaí dlíthiúla i leith sáruithe ar an gcuid seo de na Fo-Dhlíthe seo nó ar na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscair, 1997-2003 i leith ceadúnais a deonaíodh roimhe seo faoi na Fo-Dhlíthe seo.

**3.10** Más rud é, i dtuairim na Comhairle, nach gcomhlíonann an dáileoir forálacha an Phlean Bainistithe Bruscair/Dramhaíola nó coinníoll ceadúnais a fhorchuirtear de réir Fhodhlí 3.8 go sásúil, féadfaidh an Chomhairle Cathrach, ar chostas an dáileora, aon bheart glantacháin agus/nó coisc the is gá a dhéanamh.

**3.11** Féadfaidh duine ceaptha ceadúnas arna eisiúint a chealú tráth ar bith i gcás, ina thuairim nó ina tuairim, ina raibh sárú tromchúiseach ar choinníoll ceadúnais arna eisiúint de réir na bhFodhlíthe seo nó sárú tromchúiseach ar na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscair, 1997-2003 mar thoradh ar oibriú na gníomhaíochta ceadaithe.

**3.12** Beidh na nithe seo a leanas san áireamh i gceadúnas

(a) Ainm agus seoladh an oibreora

(b) Na dátaí agus na hamanna a fhéadfar ábhar fógraíochta a dháileadh de réir an cheadúnais

(c) Na suímh inar féidir an t-ábhar fógraíochta a dháileadh

(d) An cineál/na cineálacha ábhair a fhéadfar a dháileadh

(e) Aon choinníollacha a fhorchuireann an Chomhairle.

**3.13** Ní bheidh feidhm ag na Fodhlíthe seo maidir le dáileadh ábhair fógraíochta tráchtála trí sheachadadh díreach chuig áit ag a bhfuil seoladh.

# CUID 4

## CIONTA

### Forfheidhmiú

**4.1** Féadfaidh duine údaraithe a iarraidh ar aon duine ar dealraitheach go bhfuil foráil de na Fo-Dhlíthe seo á sárú nó sáraithe aige/aici staonadh ón sárú sin.

**4.2** Má sháraíonn aon duine aon fhoráil de na Fo-Dhlíthe seo, féadfaidh an Chomhairle, de bhun Alt 206 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, Fógra Íocaíochta Socraithe a sheirbheáil ar an duine sin, ina sonrófar íocaíocht shocraithe, mar mhalairt ar ionchúiseamh i leith an tsáraithe sin. Is é €75 méid na híocaíochta socraithe agus ní mór an íocaíocht shocraithe sin a íoc laistigh de 21 lá ó dháta seirbheála an Fhógra Íocaíochta Socraithe sin má tá ionchúiseamh le seachaint ag an duine sin.

**4.3** Tá aon duine ar a seirbheáiltear Fógra Íocaíochta Socraithe i dteideal neamhaird a dhéanamh den Fhógra sin agus ionchúiseamh i leith an tsáraithe líomhainte a chosaint sa chúirt.

### RABHADH

Beidh duine a sháróidh aon fhoráil de na Fo-Dhlíthe seo ciontach i gcion faoi Alt 205(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus dlífear, ar é/í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,904.60 a chur air/uirthi. Má leantar d'fhoráil de na Fo-Dhlíthe seo a shárú tar éis an chiontaithe, beidh an duine is cúis leis an sárú ciontach i gcion breise gach lá a leanfar den sárú agus dlífear, ar é/í a chiontú go hachomair i leith gach ciona den sórt sin, fíneáil nach mó ná €126.97 in aghaidh an lae a chur air/uirthi faoi Alt 205(2) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Aon duine a chuireann cosc nó bac ar iarraidh duine údaraithe nó a dhiúltaíonn di, ar duine údaraithe é/í a bheidh ag gníomhú i bhfeidhmeanna arna dtabhairt don duine údaraithe ag Cuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 faoi alt 204(3)(a) den Acht sin ó 2001, beidh sé/sí ciontach. I gcás ina bhfuil duine údaraithe den tuairim go bhfuil cion lena mbaineann Alt 204 nó Alt 205 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 á dhéanamh nó déanta ag duine, féadfaidh an duine údaraithe ainm agus seoladh an duine sin a éileamh agus má dhiúltaítear don éileamh sin nó má thugann an duine ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach, beidh an duine sin ciontach i gcion faoi Alt 204(3)(b) den Acht sin ó 2001. Dlífear duine a chiontaítear i gcion faoi Alt 204(3) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, ar é/í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,904.60 a chur air/uirthi.

Arna dhátú inniu an ___ lá de ___ 2008.

I LÁTHAIR tráth a greamaíodh gnáthséala Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath leis seo.

# AGUISÍN 1

## Fodhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun Bruscar a Chosc agus a Rialú

Ainm an Áitribh ______________________________

Seoladh ______________________________

Sceideal Cigireachta / Glantacháin

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Am: | | Am: | | Am: | |
| Limistéar Iniúchta | | Limistéar Iniúchta | | Limistéar Iniúchta | |
| Limistéar Glanta | | Limistéar Glanta | | Limistéar Glanta | |
| Boscaí Bruscair Folmhaithe | | Boscaí Bruscair Folmhaithe | | Boscaí Bruscair Folmhaithe | |
| Am: | | Am: | | Am: | |
| Limistéar Iniúchta | | Limistéar Iniúchta | | Limistéar Iniúchta | |
| Limistéar Glanta | | Limistéar Glanta | | Limistéar Glanta | |
| Boscaí Bruscair Folmhaithe | | Boscaí Bruscair Folmhaithe | | Boscaí Bruscair Folmhaithe | |
| Am: | | Am: | | Am: | |
| Limistéar Iniúchta | | Limistéar Iniúchta | | Limistéar Iniúchta | |
| Limistéar Glanta | | Limistéar Glanta | | Limistéar Glanta | |
| Boscaí Bruscair Folmhaithe | | Boscaí Bruscair Folmhaithe | | Boscaí Bruscair Folmhaithe | |
| Am: | | Am: | | Am: | |
| Limistéar Iniúchta | | Limistéar Iniúchta | | Limistéar Iniúchta | |
| Limistéar Glanta | | Limistéar Glanta | | Limistéar Glanta | |
| Boscaí Bruscair Folmhaithe | | Boscaí Bruscair Folmhaithe | | Boscaí Bruscair Folmhaithe | |
| Am: | | Am: | | Am: | |
| Limistéar Iniúchta | | Limistéar Iniúchta | | Limistéar Iniúchta | |
| Limistéar Glanta | | Limistéar Glanta | | Limistéar Glanta | |
| Boscaí Bruscair Folmhaithe | | Boscaí Bruscair Folmhaithe | | Boscaí Bruscair Folmhaithe | |
| Am: | | Am: | | Am: | |
| Limistéar Iniúchta | | Limistéar Iniúchta | | Limistéar Iniúchta | |
| Limistéar Glanta | | Limistéar Glanta | | Limistéar Glanta | |
| Boscaí Bruscair Folmhaithe | | Boscaí Bruscair Folmhaithe | | Boscaí Bruscair Folmhaithe | |

Sínithe: ______________________________

1. Marcáil le ✓ má rinneadh an fheidhm nó le ✗ mura ndearnadh í.
2. Ní mór an doiciméad seo a choinneáil ar feadh 1 mhí, mar d'fhéadfadh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath é a iarraidh lena iniúchadh.

# AGUISÍN 2

## IARRATAS AR ÁBHAR FÓGRAÍOCHTA A DHÁILEADH

### 1. Ainm/Seoladh an Iarratasóra

Ainm: ____________________________________________________

Seoladh: __________________________________________________

__________________________________________________________

__________________________________________________________

### 2. Sonraí teagmhála duine atá ag déileáil leis an iarratas
*(murab ionann é agus a bhfuil thuas)*

Ainm: ____________________________________________________

Seoladh: __________________________________________________

__________________________________________________________

__________________________________________________________

Uimhir Theileafóin: ___________________________________________

Uimhir Fóin Póca: ____________________________________________

Seoladh ríomhphoist:__________________________________________

Uimhir Facs: ______________________________________________

### 3. Sonraí teagmhála an duine atá i mbun faireacháin ar dháileadh an ábhair *(Ní mór go mbeifear in ann teagmháil a dhéanamh leis an duine seo ar fhón póca i gcónaí agus an t-ábhar á dháileadh)*

Ainm: ____________________________________________________

Uimhir Fóin Póca: ____________________________________________

### 4. Suíomhanna ina ndáilfear ábhar
*(Luaigh ainm na sráide agus an suíomh ar an tsráid ina bhfuil sé beartaithe agat an t-ábhar a dháileadh)*

__________________________________________________________

__________________________________________________________

__________________________________________________________

**5. Dáta(í) ar a mbeidh an t-ábhar le dáileadh**

______________________________

**6. Amanna ar lena linn a bhfuil sé beartaithe ábhar a dháileadh**

______________________________

**7. Líon na ndaoine a bheidh ag dáileadh an ábhair**

______________________________

**8. Líon na míreanna le dáileadh**

______________________________

**9. Déan cur síos ar chineál an ábhair atá le dáileadh.**

______________________________

______________________________

**10. Déan cur síos ar an gcaoi a ndáilfear an t-ábhar**
*(e.g. á thabhairt do dhaoine a théann thart, á fhágáil ag an suíomh, eile)*

______________________________

**11. Polasaí Árachais Dliteanais Phoiblí**
*(Cuir isteach deimhniú árachais)*

Uimhir an Pholasaí: ______________________________

Dáta Éaga: ______________________________

Ainm na Cuideachta Árachais: ______________________________

Ainm an Árachaí: ______________________________

An Méid Faoi Árachas: ______________________________

**12.** Aontaím a chinntiú go ndéanfar an t-ábhar seo a dháileadh i gcomhréir le forálacha Fhodhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun Bruscar a Chosc agus a Rialú, 2008, an Phlean Bainistithe Dramhaíola/Bruscair agus aon choinníollacha a fhorchuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i ndáil leis an gceadúnas seo.

Síniú ______________________________

Bloclitreacha ______________________________

Teideal ______________________________

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Fodhlíthe chun Bruscar a Chosc agus a Rialú